AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.4.2016
COM(2016) 209 final

2013/0091 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN
CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

maidir leis an

Seasamh ón gComhairle ar an gcead léamh chun go nglacfar Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/JHA, 2009/934/JHA, 2009/935/JHA, 2009/936/JHA agus 2009/968/JHA ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin

2013/0091 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN
CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

maidir leis an

Seasamh ón gComhairle ar an gcead léamh chun go nglacfar Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/JHA, 2009/934/JHA, 2009/935/JHA, 2009/936/JHA agus 2009/968/JHA ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin

1. CÚLRA

An dáta a tíolacadh an togra chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (doiciméad COM(2013) 173 final – 2013/0091 COD))	27.03.2013
Dáta na tuairime ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa:	neamhbhainteach
Dáta an tseasaimh ó Pharlaimint na hEorpa, an chéad léamh:	25.02.2014
An dáta a tíolacadh an togra leasaithe:	neamhbhainteach
An dáta a glacadh an seasamh ón gComhairle:	10.03.2016

2. CUSPÓIR AN TOGRA ÓN gCOIMISIÚN

Ba é an aidhm a bhí leis an togra **Europol a ailíniú le ceanglais Chonradh Liospóin** trí chreat reachtach Europol a bhunú i rialachán agus sásra a thabhairt isteach ionas go bhféadfadh Parlaimint na hEorpa, i dteannta leis na parlaimintí náisiúnta, gníomhaíochtaí Europol a rialú. Ba é ab aidhm don togra freisin **éifeachtúlacht, éifeachtacht agus cuntasacht Europol a mhéadú**. Bhainfí an aidhm sin amach ach cumas anailíseach Europol a fheabhsú, gníomhaíocht oibríochtúil de chuid na mBallstát a thionscnamh agus córas um chosaint sonraí na gníomhaireachta a láidriú a thuilleadh ag an am céanna. Chun éifeachtúlacht a fheabhsú, de réir an chur chuige choitinn i ndáil le gníomhaireachtaí díláraithe, ba é ab aidhm don togra Europol agus an Coláiste Eorpach Póilíneachta (CEPOL) a chumasc. Ar deireadh, faoin togra rinneadh córas rialachais Europol a ailíniú leis na prionsabail atá leagtha síos sa chur chuige coiteann i ndáil le gníomhaireachtaí díláraithe an Aontais Eorpaigh.

3. TRÁCHTANNA MAIDIR LEIS AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE

Tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú polaitiúil ag cruinniú trípháirteach an 26 Samhain 2015, agus rinne COREPER é a fhormhuiniú an 27 Samhain 2015, rud a rinne Coiste LIBE freisin an 30 Samhain 2015.

Tá na príomhdhifríochtaí idir an Comhsheasamh agus an togra bunaidh ón gCoimisiún leagtha amach thíos.

Europol agus CEPOL a chumasc (Teideal, Airteagal 1)

Toisc gur cuireadh go forleathan agus go láidir in aghaidh chumasc Europol agus CEPOL i bhfoirmíochtaí na Comhairle agus i gCoiste LIBE, chinn an Coimisiún an ghné sin dá thogra reachtach a thréigean. Idir an dá linn glacadh Rialachán lena leasaítear CEPOL. Dá bhrí sin, ní dhéantar aon tagairt don chumasc i dtéacs an Chomhsheasaimh.

Aonad Atreorúcháin ar Líne (Airteagal 4)

Leagtar síos sa Chomhsheasamh forálacha a bhfuil gá leo chun an tAonad Atreorúcháin ar Líne a fheidhmiú, aonad atá ar cheann de na bearta tábhachtachta frithsceimhlitheoireachta a ceapadh le méid na bolscaireachta sceimhlitheoireachta ar líne, agus leis an rochtain uirthi, a laghdú. Eilimint nua sa rialachán ba ea an tAonad Atreorúcháin ar Líne, a tugadh isteach de dhroim na n-ionsaithe sceimhlitheoireachta i bPáras in 2015, ar eilimint é a cuireadh go mór chun cinn sa Chlár Oibre Eorpach maidir leis an tSlándáil agus atá ríthábhachtach sa chomhthéacs slándála i láthair na huaire. Sa téacs ceadaítear do Europol sonraí pearsanta atá ar fáil don phobal a aistriú chuig páirtithe príobháideacha, más gá sin a dhéanamh chun tacú leis na Ballstáit an choireacht a thagann faoi shainordú Europol agus a dhéantar de bhíthin an idirlín nó a éascaítear dá bhíthin, a chosc agus a chomhrac.

Forálacha maidir le rialachas

D'eascair na forálacha maidir le rialachas a cuireadh i láthair sa togra bunaidh ón gCoimisiún ón gcur chuige coiteann i ndáil le gníomhaireachtaí díláraithe an Aontais Eorpaigh. Bhí an rialachas ar cheann de na saincheisteanna ba chonspóidí dár pléadh le linn na caibidlíochta. Tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú faoi na comhréitigh seo a leanas:

(a) Comhdhéanamh an Bhoird Bainistíochta (Airteagal 10)

Faoin gComhsheasamh cuirtear teorainn aon duine amháin in ionad teorainn beirte leis an líon comhaltaí ón gCoimisiún a rachaidh ar an mBord Bainistíochta (mar atá beartaithe sa chur chuige coiteann i ndáil le gníomhaireachtaí díláraithe).

(b) An Bord Feidhmiúcháin (Caibidil IV roimhe seo)

Rinneadh foráil sa togra ón gCoimisiún maidir le Bord Feidhmiúcháin a bhunú ar bhonn roghnach, bord a mbeadh sé de chúram air tacaíocht riaracháin a thabhairt don Bhord Bainistíochta agus don Stiúrthóir Feidhmiúcháin. Ós rud é go raibh na comhreachtóirí go láidir ina éadan, ní áirítear sa Chomhsheasamh an fhéidearthacht bord den chineál sin a bhunú. Ghlac an Coimisiún leis go scriosfaí an rogha Bord Feidhmiúcháin a chur ar bun. Mar sin féin, ar bhonn Airteagal 68 an Chomhsheasaimh, beidh sé d'uain ag an gCoimisiún a mheas amach anseo cén gá atá le Bord Feidhmiúcháin a bhunú. Mhínigh an Coimisiún an méid sin i ndearbhú chomh maith agus thug gealltanas go ndéanfaí measúnú ar an staid i gceann dhá bhliain. Ionas nach gcuirfí i mbaol aon chaibidlíocht a bheidh ann amach anseo i dtaca le togra Eurojust, tá comhlánú déanta ar an dearbhú le ráiteas ina leagtar béim ar thábhacht an Bhoird Feidhmiúcháin maidir le bainistiú gníomhaireachtaí de chuid an Aontais Eorpaigh.

(c) Ceapadh an Stiúrthóra Feidhmiúcháin (Airteagal 54)

Imíonn téacs an Chomhsheasaimh ón nós imeachta a bhí beartaithe ag an gCoimisiún, a bhí ag teacht leis an gcur chuige coiteann i ndáil le gníomhaireachtaí díláraithe (réamhroghnú an Choimisiúin ar iarrthóirí agus an ceapachán arna dhéanamh ag an mBord Bainistíochta).

Sa Chomhsheasamh leagtar amach nós imeachta trína ndéanann an Chomhairle an ceapachán ar bhonn gearrliosta arna chur le chéile ag coiste measctha ar a bhfuil ionadaí amháin ón gCoimisiún agus ionadaithe ó na Ballstáit.

Ós rud é go rabhthas ag imeacht ón gcur chuige coiteann i ndáil le gníomhaireachtaí díláraithe mar atá luaite thuas, chinn an Coimisiún dearbhú polaitiúil a dhéanamh ina gcuirtear i bhfios go láidir nach bhfuil an téacs ar ar comhaontaíodh ailínithe go hiomlán le prionsabail an chur chuige choitinn.

Rochtain Eurojust ar fhaisnéis a stórálann Europol (Airteagal 21)

Tar éis do Pharlaimint na hEorpa iarratas tréan a dhéanamh ina leith, cuireadh teorainn le rochtain Eurojust ar fhaisnéis a stórálann Europol sa chaoi gur rochtain indíreach amháin anois í atá bunaithe ar chóras 'amas-neamhamas'. Tá sé sin i gcomhréir leis an bhforáil chomhfhreagrach atá i rialachán Eurojust.

Comhar idir an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus na húdaráis náisiúnta mhaoirseachta (Airteagal 44 agus Airteagal 45)

De thoradh an Chomhsheasaimh cuirtear feabhas ar an gcomhar idir an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) agus na húdaráis náisiúnta mhaoirseachta agus déantar neamhspleáchas agus éifeachtacht MECS a áirithiú ag an am céanna. Cuirtear feabhas ar an gcomhar ar dhá shlí:

(a) "Bord Comhair" a thabhairt isteach mar fhóram plé foirmiúil do MECS agus do na húdaráis náisiúnta mhaoirseachta um chosaint sonraí chun an straitéis ghinearálta maidir le cosaint sonraí a phlé go rialta, chun moltaí comhchuibhithe a ullmhú le haghaidh réitigh chomhpháirteacha a bhfuil rannpháirtíocht na mBallstát de dhíth ina leith, chun deacrachtaí maidir le léirmhíniú a dhéanamh ar Rialachán Europol a scrúdú, etc. Comhlacht comhairleach seachas comhlacht cinnteoireachta atá sa Bhord Comhair nua sin, áfach.

(b) Comhar "laethúil" treisithe idir MECS agus na húdaráis náisiúnta mhaoirseachta (bainfidh MECS úsáid as saineolas agus taithí na n-údarás náisiúnta maoirseachta agus a chuid dualgas á gcur i gcrích; déanfaidh MECS agus na húdaráis náisiúnta mhaoirseachta cigireachtaí comhpháirteacha; rachaidh MECS i gcomhairle leis na húdaráis náisiúnta mhaoirseachta lena mbainfidh i gcásanna a bhaineann le sonraí de thionscnamh Ballstáit amháin nó níos mó, etc.)

Ghlac an Coimisiún leis Bord Comhair a chruthú. Chun an éifeachtacht agus an chomhsheasmhacht a áirithiú, áfach, agus chun dúbailt oibre neamhriachtanach a sheachaint, d'eisigh an Coimisiún dearbhú inar cuireadh i bhfios go láidir go nglacfaidh an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí, bord a cruthaíodh i gcomhthéacs an Athchóirithe ar Chosaint Sonraí

(féach Ráiteas Uimh. 2 i Roinn 5), go nglacfaidh sé air féin gan mhoill na feidhmeanna a chomhlíonfaidh an Bord Comhair.

Grinnscrúdú parlaiminteach (Caibidil VIII)

Trí bhíthin foráil ghinearálta, áirithíodh leis an togra ón gCoimisiún go mbeadh gníomhaíochtaí Europol faoi réir grinnscrúdú parlaiminteach, mar a cheanglaítear le hAirteagal 88 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.
Le linn na caibidlíochta chuir Parlaimint na hEorpa i bhfios go láidir nárbh fholáir an chaoi a ndéantar an grinnscrúdú parlaiminteach a léiriú go mion.

Ar an gcúis sin, cuireadh san áireamh i dtéacs an Chomhsheasaimh Grúpa um Ghrinnscrúdú Parlaiminteach Comhpháirteach a chruthú. Is éard a bheidh sa ghrúpa sin comhlacht speisialaithe a bhunóidh na parlaimintí náisiúnta agus an coiste inniúil de chuid Pharlaimint na hEorpa le chéile, agus beidh sé freagrach as faireachán polaitiúil a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí Europol. Is éard a bheidh i gceist leis an bhfaireachán seo *inter alia* faisnéis faoi dhoiciméid phleanála agus tuairiscithe, comhairliúchán le Parlaimint na hEorpa agus leis na parlaimintí náisiúnta maidir le clár oibre ilbhliantúil Europol[1], agus cuireadh a chur ar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta chun saincheisteanna a bhaineann le Europol a phlé.

4. CONCLÚID

In ainneoin na n-athruithe a tugadh isteach sa Chomhsheasamh, is éard atá i dtéacs an tSeasaimh sin an toradh is fearr a d'fhéadfadh an Coimisiún a bhaint amach tar éis dó dhá bhliain a thabhairt i mbun caibidlíochta leis an bParlaimint agus leis an gComhairle i dtaobh téacs atá an-chasta.

Baineadh amach cuspóirí an Choimisiúin i dtaca le Europol a athchóiriú trí Europol a ailíniú le ceanglais Chonradh Liospóin agus trína éifeachtúlacht, a éifeachtacht agus a chuntasacht a mhéadú.

Níor ailíníodh córas rialachais Europol go hiomlán leis na prionsabail atá leagtha síos sa chur chuige choiteann i ndáil le gníomhaireachtaí díláraithe an Aontais Eorpaigh i ngeall ar a mhéid a chuir na comhreachtóirí ina éadan. Beidh ról ag an gCoimisiún i dtaca le bainistiú na gníomhaireachta, i.e. beidh aige ionadaí vótála ar an mBord Bainistíochta agus glacfaidh sé páirt i réamhroghnú an Stiúrthóra Feidhmiúcháin.

5. RÁITIS ÓN GCOIMISIÚN

1. Maidir leis an gCur Chuige Coiteann i nDáil le Gníomhaireachtaí Díláraithe an Aontais Eorpaigh
"Meabhraíonn an Coimisiún nach bhfuil an téacs a comhaontaíodh ar aon dul go hiomlán le prionsabail an chur chuige choitinn i ndáil le gníomhaireachtaí díláraithe an Aontais Eorpaigh. Mar sin ní dochar do théacsanna reachtacha a bheidh ann amach anseo an comhaontú ar tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle air maidir le rialachas na gníomhaireachta.

[1] Feidhmeoidh an grúpa freisin mar an gcomhlacht trína stiúrtar an comhairliúchán leis na parlaimintí náisiúnta i dtaca le clársceidealú ilbhliantúil. Mhaolódh sin an fhreagracht atá ar Europol dul i gcomhairle leis na 28 bparlaimint náisiúnta agus le Parlaimint na hEorpa i dtaca lena chlársceidealú ilbhliantúil (mar a bhí beartaithe sa togra tosaigh ón gCoimisiún).

Níl aon amhras ar an gCoimisiún faoin tairbhe a thiocfaidh as Bord Feidhmiúcháin a bhunú mar chuid de struchtúr rialachais Europol agus na ngníomhaireachtaí eile. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar chúrsaí rialachais Europol, as seo go ceann dhá bhliain, go háirithe d'fhonn a fháil amach an mbeidh gá le tograí breise sa réimse seo."

2. Maidir leis an mBord Comhair

"Measann an Coimisiún Eorpach gurb é an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí, a cruthaíodh le déanaí, a chomhlíonfaidh feidhmeanna an Bhoird Chomhair a leagtar síos sa Rialachán seo, tar éis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí atá beartaithe, agus an Treoir maidir le Cosaint Sonraí don phróiseáil sonraí in earnáil na bpóilíní agus an cheartais atá beartaithe a ghlacadh, agus i bhfianaise an athbhreithnithe a fógraíodh ar Rialachán (CE) Uimh. 45/2001, chun éifeachtacht agus comhsheasmhacht a áirithiú agus chun dúbailt oibre neamhriachtanach a sheachaint."